



---

*Suí iomlánach*

---

**A9-0164/2024**

4.4.2024

**\*\*\*I**

## **TUARASCÁIL**

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an nós imeachta teorann um fhilleadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1148 (COM(2016)0467/COM(2020)0611) – C9- 0039/2024 – 2016/0224B(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Fabienne Keller

### ***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

- \* An nós imeachta comhairliúcháin
- \*\*\* Nós imeachta an toilithe
- \*\*\*I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- \*\*\*II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- \*\*\*III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

### ***Leasuithe ar dhréachtghníomh***

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le **cló trom iodálach** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le **cló trom iodálach** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le **cló trom iodálach**. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le **cló trom iodálach** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus ar athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## ACHOIMRE

### Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....	5
TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ DLÍTHIÚLA MAIDIR LEIS AN mBUNÚS DLÍ .....	35
NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH .....	43



## DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an nós imeachta teorann um fhilleadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1148**

**(COM(2016)0467/COM(2020)0611) – C9- 0039/2024 – 2016/0224B(COD))**

**(Gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2016)0467) agus an togra leasaithe (COM(2020)0611),
- ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagail 78(2)(d) agus 79(2)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic a Coimisiún an togra don Parlaimint (C9-0039/2024),
- ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla maidir leis an mbunús dlí atá beartaithe,
- ag féachaint d’Airteagal 294(3) agus d’Airteagal 79(2)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint do thuairimí ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 14 Nollaig 2016<sup>1</sup> agus an 25 Feabhra 2021<sup>2</sup>,
- ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 8 Feabhra 2017<sup>3</sup> agus an 19 Márta 2021<sup>4</sup>,
- ag féachaint don chomhaontú sealadach a d’fhorpheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle ina litir an 8 Feabhra 2024 go ndéanfaí an seasamh sin a fhorpheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint don chinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 21 Feabhra 2024 á údarú don Choiste an nós imeachta reachtach a dheighilt agus leanúint ar aghaidh le dhá théacs chomhdhlúite ar leithligh a chur síos lena mbreithniú sa suí iomlánach;
- ag féachaint do Rialacha 59 agus 40 dá Rialacha Nós Imeachta,
- ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0164/2024),

---

<sup>1</sup> IO C 75, 10.3.2017, lch. 97.

<sup>2</sup> IO L 155, 30.4.2021, lch. 64.

<sup>3</sup> IO C 207, 30.6.2017, lch. 67.

<sup>4</sup> IO L 175, 7.5.2021, lch. 32.

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

## Leasú 1

### LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA\*

ar an togra ón gCoimisiún

-----  
***le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an nós imeachta teorann um fhilleadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1148***

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe ***Airteagail 77(2)*** agus ***79(2)(c)*** de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<sup>5</sup>,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiúin<sup>6</sup>,

ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach<sup>7</sup>,

De bharr an mhéid seo a leanas:

---

\* Leasuithe: tá téacs nua nó téacs atá curtha in ionad téacs eile aibhsithe le cló trom iodálach; léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ■ .

<sup>5</sup> ***IO C 75, 10.3.2017, lch. 97 agus IO C 155, 30.4.2021, lch. 64.***

<sup>6</sup> ***IO C 207, 30.6.2017, lch. 67 agus IO C 175, 7.5.2021, lch. 32.***

<sup>7</sup> ***Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an ... [(IO ...)/(nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)] agus Cinneadh ón gComhairle an ...***

- (1) *Ós limistéar saoirse, slándála agus ceartais é an tAontas, ba cheart don Aontas a áirithiú nach mbeidh rialuithe teorann inmheánaí ann le haghaidh daoine, ba cheart dó comhbheartas a chumadh maidir le tearmann agus imirce, teorainneacha seachtracha a rialú agus fillteacha, agus gluaiseachtaí neamhúdaráithe idir na Ballstáit a chosc, bunaithe ar an dlúthpháirtíocht agus ar chomhroinnt chóir na freagrachta idir na Ballstáit agus a bheadh cothrom freisin do náisiúnaigh tríú tír agus do dhaoine gan stát agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha.*

- (2) *Is é cuspóir an Rialacháin seo socrúithe nós imeachta na mBallstát a chuíchóiriú, a shimpliú agus a chomhchuibhiú trí nós imeachta coiteann a bhunú le haghaidh nós imeachta teorann um fhilleadh. Ba cheart feidhm a bheith ag an nós imeachta sin maidir le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát ar diúltaíodh dá n-iarratas i gcomhthéacs an nós imeachta teorann um thearmann dá bhforáiltear i Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>8+</sup> (an ‘nós imeachta teorann um thearmann’).*
- (3) *I gcás na mBallstát sin nach bhfuil faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2024/...<sup>++</sup>, ba cheart tagairtí sa Rialachán seo d’fhorálacha i Rialachán (AE).../...<sup>++</sup> a thuiscint mar thagairtí d’aon fhorálacha coibhéiseacha a d’fhéadfadh a bheith tugtha isteach acu ina ndlí náisiúnta.*
- (4) *Maidir leis an gcaoi a gcaitear le daoine a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, tá na Ballstáit faoi cheangal ag na hionstraimí dlí idirnáisiúnta ar páirtithe iontu iad.*
- (5) *Ba cheart do na Ballstáit tús áite a thabhairt do leas an linbh agus forálacha an Rialacháin seo, a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do mhionaoisigh, á gcur i bhfeidhm acu.*

---

<sup>8</sup> *Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... lena mbunaítear nós imeachta coiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE (IO L, ..., ELI:....).*

<sup>+</sup> *IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 16/24 (2016/0224A(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.*

<sup>++</sup> *IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 16/24 (2016/0224A (COD)).*



(6) *Is iomaí iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéantar ag teorainn sheachtrach nó i limistéar idirthurais de chuid Ballstáit, lena n-áirítear ó dhaoine a ghabhtar mar gheall ar iontráil neamhúdaraíthe, thar an teorainn sheachtrach is é sin le rá, ag tráth an trasnaithe neamhrialta thar an teorainn sheachtrach nó gar di tar éis an trasnaithe, nó díbhordáil tar éis oibríocht chuardaigh agus tarrthála a bheith ar siúl. Ionas go ndéanfar na náisiúnaigh tríú tír agus na daoine gan stát lena mbaineann a dhíriú ar na nósanna imeachta ábhartha, is gá scagadh céannachta, slándála agus sláinte a dhéanamh ag an teorainn sheachtrach. Tar éis an scagtha, ba cheart náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát a threorú chuig an nós imeachta um thearmann nó an nós imeachta um fhilleadh is iomchuí, nó cead isteach a dhiúltú dóibh. Dá bhrí sin, ba cheart céim roimh dhul isteach a bhunú arb é a bheidh inti nósanna imeachta scagtha agus teorann um thearmann, de réir mar is infheidhme, agus um fhilleadh. Ba cheart naisc éifeachtúla agus gan uaim a bheith idir gach céim de na nósanna imeachta ábhartha le haghaidh gach inimircigh neamhrialta.*

- (7) *Ní údaraítear dul isteach ar chríoch an Bhallstáit i gcás nach mbeidh aon cheart fanachta ag iarratasóir, i gcás nár iarr sé nó sí cead fanachta chun críoch an nós imeachta achomhairc dá bhforáiltear in Rialachán (AE) 2024/...<sup>+</sup>, nó i gcás inar chinn cúirt nó binse nár cheart ceadú dó nó di fanacht go dtí go bhfaighfí toradh an nós imeachta achomhairc sin. Sna cásanna sin, chun leanúnachas a áirithiú idir an nós imeachta um thearmann agus an nós imeachta um fhilleadh, ba cheart an nós imeachta um fhilleadh a chur i gcrích freisin i gcomhthéacs nós imeachta teorann a mhairfidh tréimhse nach faide ná 12 sheachtain. Ba cheart tús a chur leis an tréimhse sin, ón tráth nach mbíonn ceart fanachta a thuilleadh nó nach bhfuil cead fanachta a thuilleadh ag an iarratasóir, an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát.*
- (8) *Chun a ráthú go gcaithfear go cothrom le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát ar fad ar diúltaíodh dá n-iarratas i gcomhthéacs an nós imeachta teorann, i gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag Ballstát gan forálacha Threoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>9</sup> a chur i bhfeidhm de bhun an mhaolaithe ábhartha a leagtar amach inti maidir le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát agus i gcás nár eisigh an Ballstát sin cinneadh um fhilleadh don náisiúnach tríú tír lena mbaineann, ba cheart cóireáil agus leibhéal cosanta an iarratasóra, an náisiúnaigh tríú tír nó an duine gan stát lena mbaineann a bheith i gcomhréir le foráil Threoir 2008/115/CE maidir le forálacha níos fabhraí i ndáil le náisiúnaigh tríú tír a eisítear ó raon feidhme na Treorach sin agus a bheith comhionann leis an gcóireáil agus leis an leibhéal cosanta is infheidhme i gcás daoine atá faoi réir cinneadh um fhilleadh.*

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 16/24 (2016/0224A (COD)).

<sup>9</sup> Treoir 2008/115/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh IO L 348, 24.12.2008, lch. 98).

(9) *Agus an nós imeachta teorann um fhilleadh á chur i bhfeidhm, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha áirithe de Threoir 2008/115/CE de bhri go rialáiltear leo sin eilimintí den nós imeachta teorann um fhilleadh nach leagtar síos sa Rialachán seo, go háirithe na heilimintí a bhaineann le sainmhínte, le forálacha níos fabhraí, non-refoulement, le lár leas an linbh, le saol an teaghlaigh agus leis an staid sláinte, leis an riosca éalaithe, leis an oibleagáid maidir le comhar, leis an tréimhse fhorordaithe le haghaidh imeacht deonach, leis an gcinneadh um fhilleadh, leis an aistriú, le haistriú a chur ar atráth, le toirmisc ar dhul isteach, le coimircí fad atá filleadh ar feitheamh, leis an gcoinneáil, le coinníollacha coinneála, le mionaoisigh agus teaghlaigh a choinneáil, agus le cásanna éigeandála. Chun an riosca maidir le dul isteach neamhúdaraithe agus gluaiseacht náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach atá faoi réir an nós imeachta teorann um fhilleadh, ba cheart tréimhse le haghaidh imeacht deonach a dheonú. Níor cheart an tréimhse le haghaidh imeacht deonach a dheonú ach amháin arna hiarraidh sin agus níor cheart an tréimhse sin a bheith níos faide ná 15 lá ná níor cheart di ceart a thabhairt dul isteach ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann. Ba cheart do na daoine lena mbaineann aon doiciméad bailí taistil atá ina seilbh a thabhairt do na húdaráis inniúla fad is gá chun éalú a chosc. Tá na forálacha maidir le filleadh a leagtar amach sa Rialachán seo gan dochar don fhéidearthacht lánroghnach atá ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh tráth ar bith cead cónaithe uathrialach nó údarú eile a dheonú lena ndeonaítear ceart fanachta ar chúiseanna atruacha, daonnúla nó eile do náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar a gcríoch.*

- (10) *I gcás nach bhfilleann an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach, nó nach n-aistrítear é, laistigh d'uastréimhse an nós imeachta teorann um fhilleadh, ba cheart leanúint den nós imeachta um fhilleadh mar a fhoráiltear i dTreoir 2008/115/CE.*
- (11) *Más rud é, maidir le hiarratasóir, náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a coinníodh le linn an nós imeachta teorann um thearmann ag teorainneacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE).../...<sup>+</sup> nach mbeidh ceart fanachta a thuilleadh aige agus nár ceadaíodh don duine sin fanacht, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann leanúint dá choinneáil chun dul isteach ar an gcríoch a chosc agus nós imeachta um fhilleadh a chur i gcrích, i gcomhréir leis na ráthaíochtaí agus na coinníollacha maidir le coinneáil a leagtar síos i dTreoir 2008/115/CE. Iarratasóir, náisiúnach tríú tír nó duine gan stát nár coinníodh le linn nós imeachta teorann um thearmann den sórt sin, nach bhfuil ceart fanachta aige a thuilleadh agus nár ceadaíodh dó fanacht, ba cheart é a bheith indéanta freisin é a choinneáil má tá riosca éalaithe ann, má sheachnaíonn sé an filleadh nó má chuireann sé bac air, nó más bagairt ar an mbeartas poiblí, ar an tslándáil phoiblí nó ar an tslándáil náisiúnta é. Is ar feadh tréimhse chomh gearr agus is féidir ba cheart an choinneáil a dhéanamh, agus níor cheart í a bheith níos faide ná an uastréimhse le haghaidh an nós imeachta teorann um fhilleadh. I gcás nach bhfilleann an náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach nó nár aistríodh é laistigh den tréimhse sin, agus inar scoir an nós imeachta teorann um fhilleadh d'fheidhm a bheith aige, ba cheart feidhm a bheith ag Treoir 2008/115/CE. Ba cheart go gcuimseofaí san uastréimhse choinneála a leagtar síos sa Treoir sin tréimhse na coinneála a cuireadh i bhfeidhm le linn an nós imeachta teorann um fhilleadh.*

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 16/24 (2016/0224(COD)).

(12) *Leis an nós imeachta teorann um fhilleadh, ba cheart go n-éascófaí, le linn staid géarchéime mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>10+</sup>, filleadh náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát atá ag fanacht go neamhrialta agus ar diúltaíodh dá n-iarratas i gcomhthéacs géarchéim sa nós imeachta teorann um thearmann, agus nach bhfuil an ceart fanachta acu agus nach bhfuil cead acu fanacht, trí na huirlisí riachtanacha a chur ar fáil do na húdaráis náisiúnta inniúla agus tréimhse ama leordhóthanach a chur ar fáil chun nósanna imeachta um fhilleadh a chur i gcrích le dícheall cuí. Chun a bheith in ann freagairt ar chásanna géarchéime ar bhealach éifeachtach, ba cheart é a bheith indéanta freisin an nós imeachta teorann um fhilleadh a chur i bhfeidhm i gcás géarchéime, maidir le hiarratasóirí, náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát atá faoi réir an nós imeachta teorann um fhilleadh ar diúltaíodh dá n-iarratas sula nglactar Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2024/...<sup>++</sup> lena ndearbhaítear go bhfuil géarchéim sa Bhallstát, agus nach bhfuil aon cheart fanachta acu agus nach bhfuil cead acu fanacht tar éis don Chinneadh sin a bheith glactha.*

---

<sup>10</sup> *Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... lena dtugtar aghaidh ar chásanna géarchéime agus ar chásanna force majeure i réimse na himirce agus an tearmainn (IO L..., ELI:...).*

<sup>+</sup> *IO: Cuir isteach sa téacs le do thoil uimhir an Rialacháin atá i PE-CONS 19/24 (2020/0277(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.*

<sup>++</sup> *IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 19/24 (2020/0277(COD)).*

- (13) *I gcomhréir le hAirteagal 72 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ní dhéanann an Rialachán seo difear d'fheidhmiú na bhfreagrachtaí is dlíte do na Ballstáit i dtaca leis an ord poiblí a choinneáil agus leis an tslándáil inmheánach a chosaint.*
- (14) *D'fhonn cur chun feidhme comhleanúnach fhorálacha an nós imeachta teorann um fhilleadh a leagtar amach sa Rialachán seo a áirithiú faoin tráth a chuirfear i bhfeidhm é, ba cheart pleananna cur chun feidhme ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta lena sainaithnítear bearnaí agus céimeanna oibríochtúla do gach Ballstát a fhorbairt agus a chur chun feidhme.*
- (15) *Ba cheart measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo go tráthrialta.*
- (16) *Leis an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí (IBTV) arna bunú, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, le Rialachán (AE) 2021/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>11</sup>, féachtar lena áirithiú go mbeidh bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip atá láidir agus éifeachtach ag na teorainneacha seachtracha, lena n-áirítear trí inimirce neamhdhleathach a chosc agus a bhrath agus trí shreabha imirce a bhainistiú ar bhealach éifeachtach. Trí chead a thabhairt do mhaoiniú tacaíochta faoin Ionstraim sin le haghaidh gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>12+</sup> chuirfeadh sé le cuspóirí Rialachán (AE) 2021/1148 a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2021/1148 a leasú.*
- (17) *Ba cheart é a bheith indéanta acmhainní IBTV agus cistí ábhartha eile de chuid an Aontais (na 'Cistí') a shlógadh chun tacú leis na Ballstáit agus iad ag iarraidh*

---

<sup>11</sup> *Rialachán (AE) 2021/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí (IO L 251, 15.7.2021, lch. 48).*

<sup>12</sup> *Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 (IO L, ..., ELI:...).*

<sup>+</sup> *IO: Cuir isteach sa téacs le do thoil uimhir an Rialacháin atá i PE-CONS 21/24 (2020/0279(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin san bhfonóta.*

*Rialachán (AE) 2024/...<sup>++</sup>, a chur i bhfeidhm, i gcomhréir leis na rialacha faoi úsáid na gCistí agus gan dochar do thosaíochtaí eile a dtacaíonn na Cistí leo. Sa chomhthéacs sin, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann úsáid a bhaint as an méid a leithdháiltear faoina gcláir faoi seach, lena n-áirítear na méideanna a chuirtear ar fáil tar éis an athbhreithnithe meántearma. Ba cheart é a bheith indéanta tacaíocht bhreise a chur ar fáil faoi na Saoráidí Téamacha ábhartha, go háirithe do na Ballstáit sin arbh fhéidir go mbeadh orthu a n-acmhainneacht ag na teorainneacha a mhéadú.*

---

<sup>++</sup> *IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 21/24 (2020/0279(COD)).*

- (18) *Ba cheart Rialachán (AE) 2021/1148 a leasú chun ranníocaíocht iomlán ó bhuiséad an Aontais a ráthú le caiteachas incháilithe iomlán na ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, chomh maith le ceanglais shonracha tuairiscithe a thabhairt isteach i ndáil leis na gníomhaíochtaí sin, mar chuid de na hoibleagáidí tuairiscithe atá ann cheana maidir le cur chun feidhme na gCistí. Ba cheart an Rialachán sin a leasú freisin chun go mbeidh na Ballstáit in ann ranníocaíochtaí airgeadais a sholáthar don IBTV i bhfoirm ioncam sannta seachtrach.*
- (19) *Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach go leordhóthanach, eadhon nós imeachta teorann um fhilleadh a bhunú chun a áirithiú go mbeidh na Ballstáit in ann aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna agus le gur féidir tacaíocht faoi Rialachán (AE) 2021/1148 a mhaoiniú le haghaidh gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2024/...<sup>+</sup>, agus gur fearr is féidir, de bharr scála agus éifeachtaí an Rialacháin seo, iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) é. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.*
- (20) *I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo le acquis Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótocal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an Rialachán seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.*

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 21/24 (2020/0279(COD)).



- (21) *Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle<sup>13</sup>; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.*
- (22) *Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le acquis Schengen<sup>14</sup> a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle<sup>15</sup>.*
- (23) *Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen<sup>16</sup> a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle<sup>17</sup>.*

---

<sup>13</sup> Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de acquis Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

<sup>14</sup> IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

<sup>15</sup> Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socrúithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

<sup>16</sup> IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

<sup>17</sup> Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch. 1).

- (24) *Maidir le Lichtinstéin, is éard atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen<sup>18</sup> a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle<sup>19</sup>.*
- (25) *Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). Go háirithe, féachann an Rialachán seo le lánurraim a áirithiú do dháit an duine agus le cur i bhfeidhm Airteagail 1, 4, 8, 18, 19, 21, 23, 24 agus 47 den Chairt a chur chun cinn,*

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

<sup>18</sup> IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

<sup>19</sup> Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19.)

# CAIBIDIL I

## FORÁLACHA GINEARÁLTA

### *Airteagal 1*

#### *Ábhar agus raon feidhme*

- 1. Bunaítear leis an Rialachán seo nós imeachta teorann um fhilleadh. Tá feidhm ag an nós imeachta sin maidir le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát ar diúltaíodh dá n-iarratas i gcomhthéacs an nós imeachta teorann um thearmann dá bhforáiltear in Airteagail 43 go 54 de Rialachán (EU) 2024/...<sup>+</sup> (an ‘nós imeachta teorann um thearmann’). Foráiltear leis freisin do rialacha sonracha sealadacha maidir leis an nós imeachta teorann um fhilleadh i gcásanna géarchéime mar a shainmhínítear iad in Airteagal 1(4) de Rialachán 2024/...<sup>++</sup>.*

*Leasaítear leis an Rialachán seo freisin Rialachán (AE) 2021/1148 le gur féidir tacaíocht faoin Rialachán sin a mhaoiniú le haghaidh gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta i gcomhthéacs Rialachán (AE)...<sup>+++</sup>.*

- 2. Comhlíonfaidh bearta sealadacha arna nglacadh de bhun Chaibidil III den Rialachán seo ceanglais an riachtanais agus na comhréireachta, beidh siad iomchuí chun a gcuspóirí sonraithe a bhaint amach agus chun cosaint chearta na n-iarratasóirí a áirithiú, agus beidh siad comhsheasmhach le hoibleagáidí na mBallstát faoin gCairt agus faoin dlí idirnáisiúnta.*
- 3. Ní chuirfear na bearta i gCaibidil III den Rialachán seo i bhfeidhm ach amháin a mhéid a bhfuil fíorghá leo de réir riachtanais na staide, ar bhealach sealadach, teoranta agus in imthosca atá eisceachtúil. Tar éis iarraidh a fháil, ní fhéadfaidh na Ballstáit na bearta dá bhforáiltear i gCaibidil III a chur i bhfeidhm ach amháin a mhéid dá bhforáiltear sa Chinneadh dá dtagraítear in Airteagal 4(3) de Rialachán (AE)...<sup>+</sup>.*

## *Airteagal 2*

### *Tagairtí do Rialachán (AE) 2024/...<sup>+</sup>*

*I gcás na mBallstát sin nach bhfuil faoi cheangal Rialachán (AE) 2024/...<sup>+</sup>, ba cheart tagairtí sa Rialachán seo d'fhorálacha i Rialachán (AE) 2024/...<sup>+</sup> a thuiscint mar thagairtí d'aon fhorálacha coibhéiseacha a d'fhéadfadh a bheith tugtha isteach acu ina ndlí náisiúnta.*

## *Airteagal 3*

### *Sainmhínte*

*Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:*

- (a) ciallaíonn 'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta' nó 'iarratas' iarratas ar chosaint idirnáisiúnta nó iarratas mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (12), de Rialachán (AE) 2024/...<sup>+</sup>;*
- (b) ciallaíonn 'iarratasóir' 'iarratasóir' mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (13), de Rialachán (AE) 2024/...<sup>+</sup>.*

---

<sup>+</sup> *IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 16/24 (2016/0224A (COD)).*

<sup>++</sup> *IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 19/24 (2020/0277(COD)).*

<sup>+++</sup> *IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 21/24 (2020/0279(COD)).*

<sup>+</sup> *IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 19/24 (2020/0277(COD)).*

<sup>+</sup> *IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 16/24 (2016/0224A (COD)).*

## CAIBIDIL II

### NÓS IMEACHTA TEORANN UM FHILLEADH

#### Airteagal 4

##### *Nós imeachta teorann um fhilleadh*

- 1. Náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát ar diúltaíodh dá n-iarratas i gcomhthéacs an nós imeachta teorann um thearmann, ní údarófar iad dul isteach ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann.*
- 2. Ceanglóidh na Ballstáit ar na daoine dá dtagraítear i mír 1 a bheith ina gcónaí ar feadh tréimhse nach faide ná 12 sheachtain i suíomhanna ag an teorainn sheachtrach nó gar di, nó ag na criosanna idirthurais nó gar dóibh. I gcás nach bhféadfaidh Ballstát na daoine sin a chur i gcóiríocht ar na suíomhanna sin, féadfaidh sé suíomhanna eile laistigh dá chríoch a úsáid. Tosóidh an tréimhse 12 sheachtain sin ón dáta nach mbíonn ceart fanacht a thuilleadh ag an iarratasóir, an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát agus nach mbíonn cead aige fanacht a thuilleadh. An ceanglas maidir le cónaí a dhéanamh in suíomh áirithe i gcomhréir leis an mír seo, ní mheasfar gur údarú é chun dul isteach ar chríoch Bhallstáit ná fanacht uirthi. Comhlíonfaidh na dálaí ar na suíomhanna sin na caighdeáin atá coibhéiseach le caighdeáin na ndálaí glactha ábharacha agus an chúraim sláinte i gcomhréir le hAirteagail 19 agus 20 de Threoir (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>20++</sup> mar atá feidhm acu maidir le daoine a mheastar a bheith ina n-iarratasóirí fós.*
- 3. Beidh feidhm ag Airteagal 3, Airteagal 4(1), Airteagal 5, Airteagal 6(1) go (5), Airteagal 7(2) agus (3), Airteagail 8 go 11, Airteagal 12, Airteagal 14(1), Airteagal 15(2) go (4) agus Airteagail 16 go 18 de Threoir 2008/115/CE chun críoche an Airteagail seo.*

---

<sup>20</sup> Treoir (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... lena leagtar síos caighdeáin maidir le glacadh iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (athmhúnlú) (IO L, 2024/, ..., ELI:...).

<sup>++</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 69/23 (2016/0222(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

4. *I gcás nach féidir cinneadh um fhilleadh a fhorfheidhmiú laistigh den uastréimhse dá dtagraítear i mír 2, leanfaidh na Ballstáit de nósanna imeachta um fhilleadh i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE.*

5. *Gan dochar don deis atá acu filleadh go deonach tráth ar bith, deonófar tréimhse le haghaidh imeacht deonach do dhaoine dá dtagraítear i mír 1 ach amháin má tá riosca éalaithe ann, nó má diúltaíodh dá n-iarratas i gcomhthéacs an nós imeachta teorann um thearmann toisc go bhfuil sé go follasach gan bhunús, nó má tá an duine lena mbaineann ina riosca do bheartas poiblí, do shlándáil phoiblí nó do shlándáil náisiúnta na mBallstát. Ní dheonófar an tréimhse le haghaidh imeacht deonach ach amháin arna hiarraidh sin agus ní bheidh an tréimhse níos faide ná 15 lá ná ní thabharfaidh sí ceart dul isteach ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann. Chun críocha na míre seo, tabharfaidh na daoine sin aon doiciméad bailí taistil atá ina seilbh do na húdaráis inniúla fad is gá chun éalú a chosc.*
6. *Ballstáit a eisiónn diúltú ar chead isteach i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>21</sup>, tar éis iarratas a dhiúltú i gcomhthéacs an nós imeachta um thearmann, agus a chinn gan Treoir 2008/115/CE a chur i bhfeidhm sna cásanna sin de bhun Airteagal 2(2), pointe (a), den Treoir sin, áiritheoidh siad go mbeidh cóireáil agus leibhéal cosanta na náisiúnach tríú tír agus na ndaoine gan stát atá faoi réir diúltú ar chead isteach, go mbeidh siad i gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Threoir 2008/115/CE agus coibhéiseach leis an gcóireáil agus an leibhéal cosanta a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo agus in Airteagal 5(4) den Rialachán seo.*

## *Airteagal 5*

### *Coinneáil*

1. *Ní fhéadfar coinneáil a fhorchur ach amháin mar rogha dheireanach más gá sin ar bhonn measúnú aonair ar gach cás agus mura féidir bearta eile nach bhfuil chomh comhéigheach céanna a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach.*

---

<sup>21</sup> *Rialachán (AE) Uimh. 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1).*

2. *Daoine dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán seo a coinníodh le linn an nós imeachta um thearmann agus nach bhfuil ceart fanachta acu a thuilleadh ná nach bhfuil cead acu fanacht, féadfar leanúint dá gcoinneáil chun cosc a chur ar dhul isteach ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann agus chun ullmhúchán a dhéanamh dá bhfilleadh nó chun an próiseas aistriú a chur i gcrích.*
3. *Daoine dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán seo nár coinníodh iad le linn nós imeachta teorann um thearmann, nach bhfuil ceart fanachta acu a thuilleadh ná nach bhfuil cead acu fanacht, féadfar iad a choinneáil i gcás ina mbeidh riosca éalaithe ann de réir bhrí Threoir 2008/115/CE, má sheachnaíonn siad nó má chuireann siad isteach ar an ullmhúchán don fhilleadh nó próiseas an aistriú, nó inar bagairt iad ar an mbeartas poiblí, ar an tslándáil phoiblí nó ar an tslándáil náisiúnta.*
4. *Coimeádfar an choinneáil ar bun ar feadh tréimhse a bheidh chomh gearr agus is féidir, agus nach faide ná mar a bheidh ionchas réasúnta ann go ndéanfar aistriú a chur i gcrích agus fad a bheidh socruithe maidir leis an aistriú sin idir lámha agus á bhforghníomhú le dícheall cuí. Ní rachaidh tréimhse na coinneála thar an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Rialachán seo agus, i gcás ina n-eisítear coinneáil eile díreach tar éis tréimhse choinneála dá bhforáiltear faoin Airteagal seo, áireofar an tréimhse choinneála sin nuair a bheidh na huastréimhsí coinneála a leagtar amach in Airteagal 15(5) agus (6) de Threoir 2008/115/CE á ríomh.*
5. *Faoin... [6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann arna bunú le Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>22</sup>, i gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Rialachán sin, treoirlínte a fhorbairt maidir le cleachtais éagsúla de rogha ar choinneáil, a d'fhéadfaí a úsáid i gcomhthéacs nós imeachta teorann.*

---

<sup>22</sup> *Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010, (IO L 468, 30.12.2021, lch. 1).*



**CAIBIDIL III**  
**MAOLUITHE IS INFHEIDHME I gCÁS GÉARCHÉIME**

*Airteagal 6*

*Bearta is infheidhme maidir leis an nós imeachta teorann um fhilleadh i gcás géarchéime*

1. *I gcás géarchéime mar a shainítear í in Airteagal 1(4) de Rialachán (AE) 2024/...<sup>+</sup> agus i ndáil le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach, ar diúltaíodh dá n-iarratas i gcomhthéacs an nós imeachta teorann um thearmann de bhun Airteagal 11(3), (4) agus (6) de Rialachán (AE) 2024/...<sup>+</sup>, nach bhfuil aon cheart fanachta acu agus nach bhfuil cead acu fanacht, féadfaidh na Ballstáit maolú mar a leanas:*

(a) *de mhaolú ar Airteagal 4(2) den Rialachán seo féadfaidh siad síneadh breise nach faide ná 6 seachtaine a chur leis an uastréimhse dár féidir náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a choinneáil ar na suíomhanna dá dtagraítear san Airteagal sin;*

(b) *de mhaolú ar Airteagal 5(4) den Rialachán seo, ní rachaidh tréimhse na coinneála thar an tréimhse dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo, agus áireofar í nuair a bheidh na huastréimhsí coinneála a leagtar amach in Airteagal 15(5) agus (6) de Threoir 2008/115/CE á ríomh.*

2. *Beidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo maidir le hiarratasóirí, náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát atá faoi réir an nós imeachta teorann um thearmann ar diúltaíodh dá n-iarratas sular glacadh an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle dá dtagraítear in Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2024/...<sup>+</sup> agus nach bhfuil cead fanachta acu ná cead acu fanacht tar éis ghlacadh an Chinnidh sin.*

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 19/24 (2020/0277(COD)).

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 19/24 (2020/0277(COD)).

3. *Eagraíochtaí a bhfuil cead acu faoin dlí náisiúnta comhairle agus comhairleoireacht a chur ar fáil, beidh rochtain éifeachtach acu ar iarratasóirí atá á gcoinneáil i saoráidí coinneála nó atá i láthair ag pointí trasnaithe teorann. Féadfaidh na Ballstáit teorainneacha a fhorchur ar na gníomhaíochtaí sin i gcás, de bhua an dlí náisiúnta, ina bhfuil na teorainneacha sin riachtanach do shlándáil, ord poiblí nó bainistiú riaracháin na saoráide coinneála, ar choinníoll nach gcuirfear bacainn mhór nó bac iomlán ar an rochtain sin leis na teorainneacha sin.*

### *Airteagal 7*

#### *Rialacha nós imeachta*

*I gcás ina measann Ballstát go bhfuil géarchéim ann mar a shainmhínítear in Airteagal 1(4) de Rialachán (AE).../...<sup>+</sup>, féadfaidh sé iarraidh a chur isteach chun na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagal 6 den Rialachán seo a chur i bhfeidhm. I gcás ina gcuireann Ballstát an iarraidh sin isteach, beidh feidhm ag Airteagail 2 go 6 agus Airteagal 17(3) agus (4) de Rialachán (AE) .../...<sup>+</sup>, de réir mar is ábhartha. I gcás ina mbíonn tús curtha cheana féin le nós imeachta d'fhonn maolú a fháil de bhun Airteagal 2 de Rialachán (AE) .../...<sup>+</sup>, féadfaidh na Ballstáit iarraidh a chur isteach chun na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagal 6 den Rialachán seo a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an nós imeachta sin.*

### *Airteagal 8*

#### *Forálacha agus ráthaíochtaí sonracha*

*Ballstát a bhfuil an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 6 á chur i bhfeidhm aige cuirfidh sé náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát ar an eolas, i dteanga a thuigeann na náisiúnaigh tríú tír nó na daoine gan stát, nó i dteanga a shiltear le réasún go dtuigfidh siad, faoi na bearta arna gcur i bhfeidhm agus faoi ré na mbeart.*

---

<sup>+</sup> *IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 19/24 (2020/0277(COD)).*

**CAIBIDIL IV**  
**LEASUITHE AR RIALACHÁN (AE) 2021/1148**

*Airteagal 9*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1148*

*Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1148 mar a leanas:*

*(1) cuirtear an pointe seo a leanas le hAirteagal 2:*

*‘(11) ciallaíonn ‘gníomhaíocht dlúthpháirtíochta’ gníomhaíocht, a leagtar a raon feidhme amach i bpointe (b) d’Airteagal 56(2) de Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>\*,+</sup>, a chistítear trí ranniocaíochtaí airgeadais arna soláthar ag na Ballstáit, dá dtagraítear in Airteagal 64(1) den Rialachán sin.*

---

*\* Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 (IO L, ..., ELI:...);*

*(2) in Airteagal 10, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:*

*“3. Féadfar tacaíocht faoin Rialachán seo a mhaoiniú, chun críoch gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, le ranniocaíochtaí ó na Ballstáit agus ó dheontóirí poiblí nó príobháideacha eile mar ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais.’;*

*(3) in Airteagal 12, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*

*“7a. Féadfar an ranniocaíocht ó bhuiséad an Aontais a mhéadú go 100 % den chaiteachas incháilithe iomlán le haghaidh gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta.’;*

*(4) in Airteagal 29(2), an chéad fhomhír, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:*

---

<sup>+</sup> *IO: Cuir isteach sa téacs le do thoil uimhir an Rialacháin atá i PE-CONS 21/24 (2020/0279(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin san bhfonóta.*

*'(aa) cur chun feidhme gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, lena n-áirítear miondealú ar na ranníocaíochtaí airgeadais de réir gníomhaíochta agus tuairisc ar na príomhthorthaí arna mbaint amach mar thoradh ar an gcistiú;'*

- (5) *in Iarscríbhinn II, pointe 1, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:*  
*tacú le gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, i gcomhréir le raon feidhme na tacaíochta a leagtar amach i bpointe 1 d'Iarscríbhinn III.';*
- (6) *Leasaítear Iarscríbhinn VI mar a leanas:*
- (a) *i dTábla 1, pointe I, cuirtear an cód seo a leanas leis:*  
*'030 Gníomhaíochtaí Dlúthpháirtíochta';*
- (b) *Leasaítear Tábla 3 mar a leanas:*
- (i) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 005 agus 006:*  
*'005 Scéim Idirthurais Speisialta dá dtagraítear in Airteagal 17*  
*006 Gníomhaíochtaí a chumhdaítear le hAirteagal 85(2) de Rialachán (AE)*  
*2018/1240';*
- (ii) *cuirtear na cóid seo a leanas isteach:*  
*'007 Gníomhaíochtaí a chumhdaítear le hAirteagal 85(3) de Rialachán (AE)*  
*2018/1240*  
*008 Cúnamh éigeandála*  
*'009 Gníomhaíochtaí Dlúthpháirtíochta'.*

**CAIBIDIL V**  
**FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

*Airteagal 10*

*Agóid arna déanamh ag údaráis phoiblí*

*Ní dhéanann an Rialachán seo difear don deis a bheith ag údaráis phoiblí agóid a dhéanamh i gcoinne na gcinntí riaracháin nó breithiúnacha dá bhforáiltear sa reachtaíocht náisiúnta.*

*Airteagal 11*

*Teorainneacha ama a ríomh*

*Aon tréimhse a fhorordaítear sa Rialachán seo, déanfar í a ríomh mar a leanas:*

- (a) i gcás ina ríomhfar tréimhse a shloinntear i laethanta, seachtainí nó míonna ón tráth a tharlaíonn teagmhas nó a dhéantar gníomhaíocht, ní áireofar an lá a tharlaíonn teagmhas nó a dhéantar gníomhaíocht mar lá den tréimhse a bheidh i gceist;*
- (b) i gcás tréimhse a shloinntear i seachtainí nó míonna, críochnóidh sé nuair a rachaidh an lá in éag arb ionann é agus lá na seachtaine sa tseachtain deiridh nó sa mhí dheiridh nó arb é an dáta céanna é sa mhí, faoi seach, agus an lá ar tharla an teagmhas nó ar ndearnadh an ghníomhaíocht óna ríomhfar an tréimhse sin; i gcás, i dtréimhse a shloinntear i míonna, nach mbeidh lá sin na seachtaine ar cheart don tréimhse dul in éag sa mhí dheiridh den tréimhse, críochnóidh an tréimhse ag meán oíche ar an lá deiridh den mhí sin;*
- (c) áireofar an Satharn, an Domhnach agus laethanta saoire oifigiúla sna Ballstáit lena mbaineann sna teorainneacha ama; i gcás ina gcríochnaíonn teorainn ama ar an Satharn, ar an Domhnach nó ar lá saoire oifigiúil, áireofar an chéad lá oibre eile mar lá deiridh na teorann ama.*

## *Airteagal 12*

### *Bearta idirthréimhseacha*

*Faoin... Faoin ... [3 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, plean coiteann cur chun feidhme a thíolacadh don Chomhairle chun a áirithiú go mbeidh na Ballstáit ullamh go leor chun Caibidil II den Rialachán seo a chur chun feidhme faoin ... [an chéad lá den chúigiú mí is fiche tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], lena ndéanfar measúnú ar aon bhearnaí a sainaithníodh agus ar na céimeanna oibríochtúla is gá, agus, cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi sin.*

*Ar bhonn an phlean choitinn cur chun feidhme sin, faoin ... [6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh gach Ballstát, le tacaíocht ón gCoimisiún agus ó chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, plean náisiúnta cur chun feidhme a bhunú ina leagfar amach na gníomhaíochtaí agus amlíne lena gcur chun feidhme. Cuirfidh gach Ballstát cur chun feidhme a phlean i gcrích faoin ... [an chéad lá den chúigiú mí is fiche tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*

*Chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme, féadfaidh na Ballstáit leas a bhaint as an tacaíocht ó chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais agus féadfaidh cistí an Aontais tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do na Ballstáit, i gcomhréir leis na gníomhartha dlí lena rialaítear na comhlachtaí, na hoifigí, na gníomhaireachtaí agus na cistí sin.*

*Déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme na bpleananna náisiúnta cur chun feidhme.*

## *Airteagal 13*

### *Faireachán agus meastóireacht*

*Faoin... [2 bhliain ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, tabharfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo sna Ballstáit agus, más iomchuí, molfaidh sé leasuithe.*

*Arna iarraidh sin don Choimisiún, seolfaidh na Ballstáit an fhaisnéis chuige atú riachtanach chun a thuarascáil a tharraingt suas tráth nach déanaí ná ... [9 mí roimh an dáta a luaitear sa chéad fhomhír].*



## *Airteagal 14*

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.
2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón ... [**2 bhliain** tar éis dháta a theacht i bhfeidhm].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*

*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

26.3.2024

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ DLÍTHIÚLA MAIDIR LEIS AN mBUNÚS DLÍ

An tUasal Juan Fernando López Aguilar  
Cathaoirleach  
An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile  
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim maidir le bunús dlí an togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear nós imeachta teorann um fhilleadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1148 (COM(2016)0467 – C9-0039/2024 – 2016/0224B(COD))

A Chathaoirligh, a chara,

I litir uaidh an 15 Feabhra 2024<sup>1</sup>, d'iarr Cathaoirleach an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI), de bhun Riail 40(2) de na Rialacha Níos Imeachta, tuairim a thabhairt maidir le hoiriúnacht, *inter alia*, bhunús dlí an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear nós imeachta teorann um fhilleadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1148 (dá ngairtear 'an Rialachán atá beartaithe' anseo feasta).

Breithneoidh JURI an cheist thuasluaite sa chruinniú urghnách a bheidh ar siúl an 11 Márta 2024.

### **I - Cúlra**

I mí na Nollag 2023, tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú sealadach maidir leis na tograí reachtacha a áirítear sa Chomhaontú Nua maidir le hImirce agus Tearmann<sup>2</sup> a thíolaic an Coimisiún i mí Mheán Fómhair 2020. Mar chuid den Chomhshocrú sin, bhí togra leasaithe le haghaidh Rialachán lena mbunaítear nós imeachta coiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE<sup>3</sup> (dá ngairtear 'APR' anseo feasta) agus togra le haghaidh rialachán lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéimeanna agus ar chásanna *force majeure* i réimse an imirce agus an tearmainn<sup>4</sup> (dá ngairtear 'an Rialachán maidir le Géarchéimeanna' anseo feasta).

Tar éis an chomhaontaithe shealadaigh, iarradh ar Sheirbhísí Dlí Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle measúnú a dhéanamh ar thoradh na caibidlíochta idirinstiúidí agus moltaí

---

<sup>1</sup> D(2024)5159.

<sup>2</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann (COM(2020) 609 an 23.9.2020).

<sup>3</sup> COM(2016) 467 an 13.7.2016 agus COM(2020) 611 leasaithe an 23.9.2020 (2016/0224A(COD)).

<sup>4</sup> COM(2020) 613 an 23.9.2020 (2020/0277(COD)).

teicniúla a dhéanamh arb é is aidhm dóibh a áirithiú go n-urramaítear inoibritheacht agus comhleanúnachas an *acquis* Schengen.

Tar éis dóibh an measúnú a dhéanamh, mhol na Seirbhísí Dlí go gcuirfí na forálacha atá ábhartha maidir le Schengen san áireamh i ngníomh neamhspleách. Is é a d'eascair as sin ná an Rialachán atá beartaithe, rud a áiríonn, go bunúsach, forálacha an nós imeachta teorann um fhilleadh, a rinneadh a chaibidliú agus a chomhaontú go sealadach faoi APR, in éineacht le maoluithe a tugadh isteach ón Rialachán maidir le Géarchéimeanna agus le leasuithe don Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1148<sup>5</sup>. Le linn chruinniú an Ghrúpa Teagmhála um Thearmann le cúig Uachtaránacht rothlacha na Comhairle<sup>6</sup>, d'fhormhuinigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an moladh sin go sealadach, mar aon leis an Rialachán atá beartaithe a d'eascair as, i bhfoirm dréachtghníomh neamhspleách. Lean LIBE ar aghaidh ansin le hiarraidh le haghaidh tuairim ó JURI maidir lena iomchuí atá sé Airteagal 77(2) agus Airteagal 79(2), pointe (c), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a úsáid mar bhunús dlí an Rialacháin atá beartaithe.

## **II - Na hAirteagail ábhartha ón gConradh**

Is mar seo a léitear Caibidil 2 ('Beartais maidir le seiceálacha teorann, tearmann agus inimirce') de Theideal V de Chuid a Trí CFAE, *inter alia* (béim curtha isteach):

*Airteagal 77*  
(*sean-Airteagal 62 CCE*)

1. *Déanfaidh an tAontas beartas a fhorbairt d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:*
  - (a) *a áirithiú nach mbeidh aon rialú ar dhaoine, is cuma cén náisiúntacht atá acu, agus iad ag trasnú teorainneacha inmheánacha;*
  - (b) *seiceálacha a dhéanamh ar dhaoine agus faireachán éifeachtach a dhéanamh ar thrasnú na dteorainneacha seachtracha;*
  - (c) *córas comhtháite bainistíochta do theorainneacha seachtracha a thabhairt isteach de réir a chéile.*
2. ***Chun críocha mhír 1, glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta a bhaineann leis na nithe seo a leanas:***
  - (a) ***an comhbheartas maidir le víosaí agus maidir le ceadanna cónaithe gearrfhanachta eile;***

<sup>5</sup> Rialachán (AE) 2021/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí (IO L 251, 15.7.2021, lch. 48).

<sup>6</sup> Formáid a bunaíodh faoi Threochlár Comhpháirteach Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle don chaibidlíocht maidir le CET agus faoin gComhaontú Nua maidir le hIimirce agus Tearmann, a síníodh i mí Mheán Fómhair 2022.

- (b) *na seiceálacha a mbeidh daoine faoina réir agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha;*
- (c) *na coinníollacha faoina mbeidh saoirse ag náisiúnaigh tríú tíortha taisteal ar feadh gearrthréimhse laistigh den Aontas;*
- (d) *aon bheart is gá chun córas comhtháite bainistíochta do theorainneacha seachtracha a bhunú de réir a chéile;*
- (e) *nach mbeidh aon rialú ar dhaoine, is cuma cén náisiúntacht atá acu, agus iad ag trasnú teorainneacha inmheánacha.*

(...)

*Airteagal 79  
(sean-Airteagal 63, pointí 3 agus 4, CCE)*

1. *Déanfaidh an tAontas comhbheartas inimirce a fhorbairt arb é is aidhm dó a áirithiú ag gach céim go ndéanfar bainistiú éifeachtach ar rabhartaí inimirce, go gcuirfear cóir chothrom ar náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí dlíthiúil orthu i mBallstáit, go ndéanfar an inimirce neamhdhlíthiúil agus an gháinneáil ar dhaoine a chosc agus bearta feabhsaithe a ghlacadh chun iad sin a chomhrac.*
2. ***Chun críocha mhír 1, glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta sna réimsí seo a leanas:***
  - (a) *coinníollacha teacht isteach agus cónaithe agus caighdeáin maidir le Ballstáit d'eisiúint víosaí fadtéarmacha agus ceadanna cónaithe, lena n-áirítear víosaí a eisítear chun teaghlaigh a athaontú;*
  - (b) *cearta náisiúnach tríú tíortha a chónaíonn go dlíthiúil i mBallstát a shainiú, lena n-áirítear na coinníollacha lena rialaítear an tsaoirse gluaiseachta agus cónaithe i mBallstáit eile;*
  - (c) ***inimirce neamhdhlíthiúil agus cónaí neamhúdaraíthe, lena n-áirítear daoine a chónaíonn gan údarú a aistriú agus a aisdúichiú;***
  - (d) *an gháinneáil ar dhaoine, go háirithe an gháinneáil ar mhná agus ar leanaí, a chomhrac.*

(...)

### **III – cásdlí CBAE maidir le roghnú an bhunús dlí**

Riamh anall, d'fhéach an Chúirt Bhreithiúnais ar cheist an bhunús dlí iomchuí mar shaincheist a bhfuil tábhacht bhunreachtúil ag baint léi, lena ráthaítear comhlíonadh

phrionsabal na gcumhachtaí arna dtabhairt (Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach) agus lena gcinntear cineál agus raon feidhme inniúlachta an Aontais<sup>7</sup>.

De réir an chásdlí sheanbhunaithe, ní ar áitiús na hinstiúide maidir leis an gcuspóir atáthar á shaothrú a bhraitheann an bunús dlí a bhíonn le gníomh de chuid an Aontais; ach ní mór an bunús dlí a chinneadh de réir critéir oibiachtúla atá in-athbhreithnithe go breithiúnach, lena n-áirítear, go háirithe, aidhm agus inneachar an bhirt<sup>8</sup>.

I gcás ina léirítear le scrúdú a dhéantar ar bheart go bhfuil dhá chuspóir á saothrú leis nó go bhfuil dhá chomhpháirt aige agus má bhíonn ceann amháin díobh sin inaitheanta mar phríomhchuspóir nó mar phríomh-chomhpháirt an bhirt, cé nach mbíonn sa cheann eile ach cuspóir teagmhasach nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an beart sin a bheith bunaithe ar bhunús aonair dlí, eadhon an bunús sin a cheanglaítear leis an bpríomhchuspóir nó leis an bpríomh-chomhpháirt<sup>9</sup>. Mar eisceacht, agus mar sin amháin, má shuigtear go bhfuil cuspóirí éagsúla á saothrú ag an am céanna leis an ngníomh agus nach bhféadtar na cuspóirí sin a scaradh óna chéile gan ceann amháin acu a bheith ina chuspóir tánaisteach, indíreach i gcomparáid leis na cinn eile, féadfar an gníomh a bhunú ar na bunúis dlí chomhfhreagracha éagsúla<sup>10</sup>. Ní fhéadfaí é sin a dhéanamh, áfach, ach amháin mura mbeadh na nósanna imeachta a leagtar síos do na bunúis dlí faoi seach ar neamhréir le ceart Pharlaimint na hEorpa agus nach mbainfeadh siad an bonn ón gceart sin<sup>11</sup>.

#### **IV – Aidhm agus inneachar an Rialacháin atá beartaithe**

Is féidir teacht ar na míniúcháin a bhaineann le haidhm an Rialacháin atá beartaithe sa mheabhrán míniúcháin den togra leasaithe do APR, a chuir an Coimisiún ar aghaidh in 2020 i gceart an Chomhshocráithe Nua maidir le hImirce agus Tearmann. Luaigh an Coimisiún ann nár mheas sé go raibh gá le *‘leasuithe forleathana a dhéanamh ar thogra 2016, togra a ndearna na comhreachtóirí dul chun cinn suntasach ina leith cheana féin’* ach go ndearna sé *‘leasuithe spriocdhírithé ar thogra 2016 ar mhaithe le dul i ngleic leis na dúshláin shonracha [...], lena gcuirfead na cuspóirí chun cinn agus lena ndéanfar freisin, i dteannta an togra le haghaidh Rialachán lena dtabharfar scagadh isteach, nasc gan uaim a chur i bhfeidhm idir gach céim den nós imeachta imirce, ón teacht isteach go dtí iarratas ar thearmann a phróiseáil agus, i gcás inarb infheidhme, go dtí an filleadh’* (béim curtha leis). Le linn an scagtha, dhéanfaí imircigh a chlárú agus a scagadh chun a gcéannacht agus rioscaí sláinte agus slándála a dhéanamh amach. Ina dhiaidh sin, dhéanfaí imircigh a chur i dtreo an *‘nós imeachta iomchuí, cibé acu tearmann, diúltú iontrála nó filleadh’* (béim curtha leis). Chinnfí ar cheart iarratas ar thearmann a mheasúnú gan an t-iarratasóir a údarú dul isteach i gcéim an Bhallstáit trí nós imeachta teorann um thearmann nó trí ghnáthnós imeachta um thearmann. I gcás ina n-úsáidfí nós imeachta teorann um thearmann agus dá gcinnfí nach raibh cosaint de dhíth ag an duine aonair, leanfadh nós imeachta teorann um fhilleadh dá réir.

<sup>7</sup> Tuairim 2/00 (*‘Prótacal Cartagena’*), ECLI: EU:C:2001:664, mír 5.

<sup>8</sup> Cás C-300/89, an Coimisiún v. an Chomhairle (*‘Dé-ocsaíd tiotáiniam’*), ECLI:EU:C:1991:244, mír 10.

<sup>9</sup> Cás C-137/12, an Coimisiún v an Chomhairle, ECLI:EU:C:2013:675, mír 53 agus an cásdlí a luaitear.

<sup>10</sup> Cás C-300/89, míreanna 13 agus 17; Cás C-42/97, an Pharlaimint v an Chomhairle, ECLI:EU:C:1999:81, mír 38; Tuairim 2/00, mír 23; Cás C-94/03, an Coimisiún v an Chomhairle (*‘Coinbhinsiún Rotterdam’*), ECLI:EU:C:2006:2, agus Cás C-178/03, an Coimisiún v an Pharlaimint agus an Chomhairle, ECLI:EU:C:2006:4, míreanna 36 agus 43.

<sup>11</sup> Cás C-300/89, míreanna 17-25; Cás C-268/94, an Phortaingéil v an Chomhairle, ECLI:EU:C:1996:461.

Is de réir an cheaptha sin den nós imeachta ag an teorann a rinne an Coimisiún APR a leasú trí fhorálacha maidir le fillleadh náisiúnach tríú tír a chur isteach trí nós imeachta teorann chun fillleadh den sórt sin a chur i gcrích a chruthú, agus a chuir sé Airteagal 79(2), pointe (c), CFAE leis mar bhunús dlí de APR. Sa chéad phointe urchair maidir leis an mbunús dlí faoi phointe 2 den mheabhrán míniúcháin de leasú 2020 ar an togra do APR, mhínigh an Coimisiún gurbh iad *‘Airteagail 78(2)(d) agus 79(2)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh’* na bunús dlí do APR. *Déantar foráil iontu sin maidir le bearta a ghlacadh i ndáil le nósanna imeachta coiteanna um stádas aonfhoirmeach tearmainn nó cosanta coimhdí a dheonú agus a tharraingt siar agus um imirce neamhdhlíthiúil agus cónaí neamhúdaraithe, lena n-áirítear daoine a chónaíonn gan údarú a aistriú agus a aisdiúichiú faoi seach’* agus go raibh *‘gá an dara bunús dlí a chur leis chun foráil a dhéanamh maidir le forálacha sonracha lena rialálfar fillleadh iarratasóirí tearmainn a diúltaíodh, go sonrach i ndáil le cinneadh um fhilleadh a eisiúint go comhpháirteach tar éis cinneadh diúltach maidir le hiarratas, le leigheas comhpháirteach i gcoinne na gcinntí sin, agus leis na nósanna imeachta gan uaim um thearmann agus imirce agus nósanna imeachta teorann um fhilleadh’*.

Le linn na gcaibidlíochtaí idirinstiúideacha, tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú go sealadach maidir leis an nós imeachta teorann um fhilleadh laistigh de chomhthéacs APR, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le hAirteagal 41g agus 41h maidir leis an nós imeachta i ndáil le fillleadh agus coinneáil a chur i gcrích faoi seach. Mar sin féin, sna céimeanna deiridh, chomhaontaigh na comhreachtóirí gur ghá, ar chúiseanna na geoiméadrachta athraithí Schengen, mar a thugtar uirthi, an Rialachán atá beartaithe a roinnt ina dhá cheann: cé go n-áireofaí sa chéad téacs na forálacha uile lena mbunaítear nós imeachta coiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas (is é sin, APR), scriosfaí na forálacha maidir leis an nós imeachta teorann um fhilleadh agus chuirfí isteach iad sa dara téacs (an Rialachán atá beartaithe, ábhar na tuairime seo).

Is éard a eascraíonn as sin ná gníomh neamhspleách, arb é is aidhm dó *‘socrúithe nós imeachta na mBallstát a chuíchóiriú, a shimpliú agus a chomhchuibhiú trí nós imeachta coiteann a bhunú le haghaidh nós imeachta teorann um fhilleadh.’* Tá sé mar choinníoll freisin sna haithrisí den Rialachán atá beartaithe gur cheart *‘leanúnachas a áirithiú idir an nós imeachta um thearmann agus an nós imeachta um fhilleadh’* agus *‘an nós imeachta um fhilleadh a chur i gcrích freisin i gcomhthéacs nós imeachta teorann’*. Soiléiríonn an Rialachán atá beartaithe an gaol atá ann leis an Treoir maidir le fillleadh ‘rialta’<sup>12</sup>. Leagann sé síos rialacha chun duine nach bhfuil an ceart aige fanacht a thuilleadh agus nach bhfuil cead aige fanacht a chur faoi choinneáil, chun críche teacht isteach sa chríoch agus fillleadh a chur i gcrích a chosc. Leis an nós imeachta teorann um fhilleadh, ba cheart *‘éascú a dhéanamh i gcás géarchéime ar fhilleadh náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát atá ag fanacht go neamhrialta agus ar diúltaíodh a n-iarratas i gcomhthéacs géarchéime [...] agus nach bhfuil an ceart ná an cead acu fanacht’*. Léirítear an méid sin sna hAirteagail, go sonrach Airteagail 4, 5 agus 6 maidir leis an nós imeachta teorann um fhilleadh, agus maidir le coinneáil agus le bearta is infheidhme maidir leis an nós imeachta teorann um fhilleadh i gcás géarchéime faoi seach.

Ar deireadh, leasaítear leis an Rialachán atá beartaithe an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht

<sup>12</sup> Treoir 2008/115/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh IO L 348, 24.12.2008, lch. 98).

Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1148<sup>13</sup> (Airteagal 9), chun a cheadú go slógfaí an Ionstraim sin chun tacaíocht a sholáthar d'iarrachtaí na mBallstát agus an Rialachán atá beartaithe á chur i bhfeidhm acu.

## **V – Anailís**

Is éard atá ann go bunúsach sa Rialachán atá beartaithe ná an méid a bhí in Airteagail 41g agus 41h roimhe seo in APR (Airteagail 4 agus 5 den Rialachán atá beartaithe) agus Airteagal 14 den Rialachán maidir le Géarchéimeanna (Airteagal 6 sa Rialachán atá beartaithe), agus na haithrisí comhfhreagracha. Is iad sin na seiceálacha uile a bhaineann le filladh náisiúnach tríú tír, rud a bhí, i dtosach, mar chuid den Choinbhinsiún Schengen (Airteagail 23 agus 24) faoi Chaibidil VI de Theideal II dar teideal ‘*Seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus gluaiseacht daoine*’. Dá bhrí sin, ní féidir a mhaíomh nach bhfuil siad mar chuid den *acquis* Schengen, cé nár cuireadh iad i ngníomh a bhaineann le Schengen.

Tá sé ríthábhachtach inoibritheacht agus comhleanúnachas an *acquis*<sup>14</sup> Schengen a chaomhnú, mar aon lena chomhlíontacht iomlán, ar thaobh amháin, leis na Prótacail JHA<sup>15</sup> ábhartha agus, ar an taobh eile, leis na comhaontuithe comhlachais Schengen arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas leis an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis agus Lichtinstéin. Thairis sin, ní mor gach cás ina ndéantar náisiúnaigh tríú tír a fhilleadh ón limistéir Schengen a bhreithniú mar fhorbairt den *acquis* Schengen ós rud é go bhfuil na náisiúnaigh tríú tír uile a thagann isteach sa limistéir Schengen faoi réir na gcoinníollacha iontrála aonfhoirmeacha a leagtar amach sa Chód Teorainneacha Schengen freisin.

Ba cheart, dá bhrí sin, breathnú ar an nós imeachta teorann um fhilleadh freisin, lena n-áirítear i gcás géarchéime, mar chuid den *acquis* Schengen a bhaineann le bainistiú comhtháite ar theorainneacha. Dá bhrí sin, is cosúil gur áiríodh na forálacha sin anois, mar is ceart, in éineacht lena n-aithrisí faoi seach, i ngníomh neamhspleách a bhaineann le Schengen, bunaithe i gceart ar Airteagal 79(2), pointe (c), CFAE.

Ina theannta sin, tugadh na leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1148 isteach sa Rialachán atá beartaithe chun leasú a dhéanamh ar an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí, rud a shlóghfar chun tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit ina n-iarrachtaí bainistiú comhtháite Eorpach láidir agus éifeachtach ar theorainneacha a áirithiú ag na teorainneacha seachtracha. Is é Airteagal 77(2) CFAE an bunús dlí do bhearta maidir le, *inter alia*, víosaí, seiceálacha teorann, córas comhtháite bainistíochta teorann an Aontais agus easpa rialuithe teorann inmheánaí. Dá bhrí sin, is cosúil go n-úsáidtear an fhoráil sin i gceart i dteannta le hAirteagal 79(2), pointe (c), CFAE, ós rud é

<sup>13</sup> Rialachán (AE) 2021/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí (IO L 251, 15.7.2021, lch. 48).

<sup>14</sup> Féach, *inter alia*, breithiúnas an 26.10.2010 i gCás C-482/08, an *Ríocht Aontaithe v. an Chomhairle (VIS)*, ECLI:EU:C:2010:631, mír 48, ina dtagraíonn an Chúirt ‘*don ghá atá le comhchuibheas *acquis* [Schengen] agus don ghá - i gcás ina dtiocfaidh athrú ar an *acquis* sin - an comhchuibheas sin a choinneáil*’; féach freisin míreanna 49 agus 58 den bhreithiúnas sin.

<sup>15</sup> Prótacail (Uimh. 19) maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtíú i gCreat an Aontais Eorpaigh, (Uimh. 21) maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéir Saoirse, Slándála agus Ceartais, agus (Uimh. 22) maidir le seasamh na Danmhairge.

go bhfuil dlúthbhaint ag na cuspóirí a shaothraítear lena chéile agus ní hé go bhfuil ceann amháin acu tánaisteach agus indéach i gcoibhneas le ceann eile. Dá bhrí sin, bheadh úsáid an débhunúis dlí comhréireach leis na critéir dá dtagraítear i bpointe III den nóta sin.

## **VI – Conclúid agus moladh**

Ag an gcrúinniú a bhí aige an 11 Márta 2024, chinn an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla dá réir sin, le 17 vóta i bhfabhar, 0 vóta i gcoinne agus le staonadh amháin<sup>16</sup>, a mholadh don Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile gur cosúil go bhfuil Airteagal 79(2), pointe (c), agus Airteagal 77(2) CFAE ina mbunús dlí iomchuí don Treoir atá beartaithe.

Is mise, le meas,

Adrián Vázquez Lázara

---

<sup>16</sup> Seo a leanas na daoine a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach: Adrián Vázquez Lázara (Chair), Marion Walsmann (Vice-Chair), Lara Wolters (Vice-Chair), Alessandra Basso, Ilana Cicurel, Ibán García Del Blanco, Pascal Durand, Daniel Freund (for Sergey Lagodinsky, pursuant to Rule 209(7)), Heidi Hautala, Pierre Karleskind, Gilles Lebreton, Maria-Manuel Leitão-Marques, Karen Melchior, Sabrina Pignedoli, René Repasi, Franco Roberti, Michaela Šojdrová (for Jiří Pospíšil, pursuant to Rule 209(7)), Axel Voss, Javier Zarzalejos.



## **IARSCRÍBHINN: EINTITIS NÓ DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR**

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina freagracht eisiach nach bhfuair sí ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

## NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

<b>Teideal</b>	Bunú nós imeachta teorann um fhilleadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1148
<b>Tagairtí</b>	COM(2016)0467 – C9-0039/2024 – 2016/0224B(COD)
<b>Dáta tíolactha chun PE</b>	13.7.2016
<b>An Coiste Freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	LIBE 29.2.2024
<b>Rapóirtéirí</b> Dáta an cheapacháin	Fabienne Keller 9.11.2020
<b>Bunús dlí á dhíospóid</b> Dáta na tuairime ó JURI	JURI 11.3.2024
<b>Dáta an ghlactha</b>	14.2.2024
<b>Toradh na vótála críochnaithe</b>	+: 40 –: 23 0: 4
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Abir Al-Sahlani, Konstantinos Arvanitis, Malik Azmani, Pietro Bartolo, Vladimír Bilčík, Malin Björk, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Saskia Brimont, Jorge Buxadé Villalba, Damien Carême, Patricia Chagnon, Lena Düpont, Cornelia Ernst, Laura Ferrara, Nicolaus Fest, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Fabienne Keller, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Erik Marquardt, Nadine Morano, Javier Moreno Sánchez, Emil Radev, Karlo Ressler, Isabel Santos, Birgit Sippel, Sara Skytvedal, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Tomas Tobé, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Jadwiga Wiśniewska, Elena Yoncheva, Javier Zarzalejos
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Patricia Caro Maya, Romeo Franz, Balázs Hidvéghi, Leopoldo López Gil, Jaak Madison, Matjaž Nemeč, Carina Ohlsson, Philippe Olivier, Róza Thun und Hohenstein, Dragoş Tudorache, Charlie Weimers, Juan Ignacio Zoido Álvarez
<b>Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Mathilde Androuët, Laura Ballarín Cereza, Chiara Gemma, Svenja Hahn, Antonio López-Istúriz White, Gabriel Mato, Francisco José Millán Mon, Javier Nart, Nacho Sánchez Amor, Michal Wiezik
<b>Dáta don chur síos</b>	4.4.2024